

## Miniú ar Smaoinigh Péireáil Roinn

**Samhlaigh gur scoláire tú** agus go bhfuil an múinteoir díreach i ndiaidh ceist a chur ar an rang "Cad iad na tosca a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar ráta fótaisintéise?" Láithreach, bíonn scoláirí timpeall an tseomra ag cur lámh in airde agus ag tairiscint freagraí. Tá tusa fós ag cuardach do bheainceanna cuimhne chun an chiall atá le 'tosca' agus 'fótaisintéis' a aimsiú. Ar deireadh, tá an chiall agat, agus tú ag iarraidh smaoiniamh ar fhreagraí féideartha. Tá tuairim agat go bhfuil freagra ciallmhar agat, ach níl tú cinnte an bhfuil sé díreach ceart agat nó an chaoi chun é a rá, agus má dhéanann tú botúin, beidh daoine ag magadh fút. Faoin am a mbíonn an freagra socraithe agat, tá an múinteoir bogtha ar aghaidh agus dhá cheist eile curtha aige / aici cheana .....

### Céard a dúirt sí?

Tá an freagra agam, ach cén chaoi a míneoidh mé é?

Fóta..?

Éasca! Cuir ceist ormsa! Cuir ceist ormsa!

Cén chaoi a mbíonn prionsabail mheasúnú foirmitheach le fáil in 'Smaoinigh Péireáil Roinn'?

1. Tugann sé deis chun fianaise ar fhoghlaim agus tuiscint a bhailiú

2. Tugann sé deiseanna chun aiseolas a thabhairt leis an bhfoghlaim a chur chun cinn

3. Tosaíonn foghlaimeoirí seilbh a ghlacadh ar a gcuid smaointe agus eolais

## Smaoinigh

Tugann am smaoinimh/feithimh deis do scoláirí machnamh a dhéanamh ar cheist go ciúin, a thugann am dóibh an cheist agus teanga na ceiste a phríoiseáil, nó go simplí an teanga atá riachtanach chun an cheist a fhreagairt a aimsiú. Nuair a iarrtar ar scoláirí a gcuid freagraí a scríobh síos, tá fianaise ar a gcuid smaointeoireachta ann agus is minic a spreagtar na scoláirí ag an bpointe sin chun athmhachnamh a dhéanamh ar na chéad smaointe a bhí acu.

## Péireáil

4. Éascaítear plé torthúil sa seomra ranga

Nuair a thugtar deis do scoláirí a gcuid smaointe a phlé le páirtí, méadaítear ar a gcuid tuisceana agus iad ag comhaontú an freagra deiridh.

**Is gá do scoláirí labhairt chun smaoiniamh agus foghlaim (Alexander, R. 2006)**

5. Déantar foghlaimeoirí a ghníomhachtú mar acmhainní teagaisc dá chéile

## Roinn

Go minic tá scoláirí ar a suaimhneas agus iad ag cur freagra "foirne" i láthair an ranga ná a bheith ag chur smaoiniamh pearsanta dá gcuid féin. Cuidíonn sé le muinín scoláirí iad a bheith ag labhairt os árd os comhair an ranga agus forbraítear a gcuid scileanna cumarsáide.

Cliceáil **anseo** chun fíis ar Smaoinigh Péireáil Roinni i seomra ranga Eolaíochta i scoil Éireannach a fheicéil á gníomhú .